An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Achoimre den Chreat-Phlean Earnála

Réamhrá

Bhí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus na húdaráis áitiúla thar a bheith forghníomhach maidir le ceisteanna míchumais le roinnt blianta anuas agus, bíodh is go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta, tá neart le déanamh fós sa réimse seo.

Príomh-Ghnéithe

Is iad seo a leanas príomh ghnéithe an Chreat-Phlean Earnála Rialtais Áitiúil:

- Leagann sé amach cuspóirí agus treoirlínte náisiúnta i dtaobh rochtana ar fhoirgnimh phoiblí, spásanna poiblí agus seirbhísí atá faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil agus a bhíonn á n-oibriú acu;
- Leagann sé amach an cód foirgníochta (An tAcht um Rialú Foirgníochta, Rialacháin Fhoirgníochta agus Treoir-Dhoiciméad Teicniúil M), a mhéid a dheineann sé difear do dhaoine faoi mhíchumas, beartanna forfheidhmiúcháin agus nós imeachta maidir le gearáin san áireamh;
- Leagann sé amach cuspóirí agus treoirlínte náisiúnta i dtaobh rochtain fheabhsaithe ar láithreáin oidhreachta — séadchomharthaí náisiúnta, páirceanna náisiúnta agus tearmainn dúlra san áireamh;
- Déanfaidh na húdarás áitiúla iniúchtaí inrochtana ar na foirgnimh, na saoráidí, na seirbhísí agus an teolas dá gcuid agus ullmhóidh siad pleananna cur chun feidhme chun iad seo a dhéanamh chomh lánrochtanach agus is féidir laistigh de theoireannacha ama;
- Eagróidh údaráis áitiúla oiliúint ar fheasacht ar mhíchumas d'Oifigigh Phearsanra, oifigigh rialaithe foirgneamh, innealtóirí, oifigigh rochtana, oifigigh idirchaidrimh míchumais agus foireann eile de chuid na n-údarás áitiúil a bheidh freagrach as an mBille agus as an gCreat-Phlean a chur chun feidhme.

Monatóireacht

A. Ag na hÚdaráis Áitiúla

- Déanfaidh gach údarás áitiúil monatóireacht ar an dul chun cinn atá á

dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean i dtaca le cur chun feidhme agus ar chomhlíonadh an Phlean Earnála aige.

- Déanfar Pleananna i dtaca le cur chun feidhme a athbhreithniú agus a leasú ó am go ham mar is gá ag féachaint do dhálaí athraitheacha.
- Tiocfaidh an Fhoireann Gníomhaíochta Comhionannais i ngach údarás áitiúil le chéile uair sa ráithe, nó níos minicí ná sin más gá, chun an dul chun cinn a mhonatóireacht agus a athbhreithniú agus cuirfidh sí tuarascáil ráithiúil ar dhul chun cinn faoi bhráid an Bhainisteora. Folófar sa Tuarascáil Ráithiúil freisin eolas faoi réimsí ginearálta gearán agus na bearta a rinneadh d'fhonn aghaidh a thabhairt orthu.
- Folóidh gach aon údarás áitiúil sa Tuarascáil Bhliantuil uaidh tuairisc ar dhul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an phlean um chur chun feidhme.
- Déanfar cur chun feidhme leanúnach na bpleananna um chur chun feidhme agus an Phlean Earnála a chur ar chlár chruinnithe Líonra Oifigeach Comhionannais na nÚdarás Áitiúil, ar cruinnithe iad ag a bhféadfar treoirthionscnaimh a bhreithniú.

B. Ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

- Déanfaidh an Roinn monatóireacht ar dhul chun cinn i dtaca leis an bPlean Earnála seo a chur chun feidhme agus lorgóidh sí tuairiscí mar is cuí ó údaráis áitiúla.
- Déanfar an Plean Earnála seo a athbhreithniú agus a leasú ó am go ham mar is gá, ag féachaint do dhálaí athraitheacha.

Dul i gComhairle

Rachaidh údaráis áitiúla i ndáil comhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag déanamh a gcuid iniúchtaí inrochtana agus le linn dóibh a gcuid pleananna i dtaca le cur chun feidhme a tharraingt suas.

Tuilleadh Eolais

Le haghaidh aon fhiosruithe i dtaobh an Chreat-Phlean Earnála, dein teagmháil, le do thoil, le Rannóg Pearsanra Rialtais Áitiúil na Roinne ag aon cheann des na huimhreacha teileafóin seo a leanas: (01) 8882344, 8882355 nó 8882362 nó tríd an bhfacs chuig (01) 8882063.